# An bhfuil tú ag lorg áit i Rang Speisialta nó i Scoil Speisialta do Mheán Fómhair 2027?

Parents Notify

Tá **Parents Notify** dírithe ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí atá ag lorg áit nua i Rang Speisialta nó i Scoil Speisialta dá bpáiste.



## Cad is gá dom a dhéanamh?

✔ Líon isteach an fhoirm **Parents Notify** faoin **1 Meán Fómhair 2026**

✔ Cuir isteach aon tuairiscí tacaíochta faoin **15 Meán Fómhair 2026**

An t-eolas a bheidh de dhíth ort

- Uimhir PSP an linbh
- Dáta breithe
- Seoladh baile agus Éirchód
- Tuairisc(í) ghairmiúla ábhartha
- Plean Tacaíochta Dalta (má tá sé ar fáil)



## Cad é an chéad chéim eile?

Déanfaidh an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais (ERSO) i do cheantar:

- Athbhreithniú ar an eolas a chuir tú ar fáil
- Tacú leat tríd an bpróiseas
- Na critéir incháilitheachta a phlé leat
- Eolas a chur ar fáil faoi roghanna áitiúla socrúcháin
- Toradh an phróisis a chur in iúl duit i scríbhinn





## Cuimhnigh

**Ní iarratas scoile é Parents Notify.**

Ní mór duit iarratas a dhéanamh go díreach chuig scoileanna chun áit a fháil. Tá Litir Incháilitheachta ag teastáil chun tacú le d'iarratas.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar **NCSE.ie**




An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education


Feidhmíonn Parents Notify de réir riachtanais na Roinne Oideachais agus Óige maidir le socrúcháin i Ranganna Speisialta agus i Scoileanna Speisialta. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **NCSE.ie**.